Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10653 – ESTAVAYER LAIT / GIVAUDAN / BÜHLER / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/06)

1. An 19 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Estavayer Lait SA ("Estavayer Lait", an Eilvéis), cuid de Migros Group,

— Givaudan SA ("Givaudan", an Eilvéis),

— Bühler AG ("Bühler", an Eilvéis),

— Cultured Food Innovation Hub (an Eilvéis).

Gheobhaidh Estavayer Lait, Givaudan agus Bühler comhrialú ar Cultured Food Innovation Hub, cuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Estavayer Lait gníomhach i dtáirgí déiríochta a tháirgeadh agus a phacáistiú, i gcáiseanna a tháirgeadh agus a aibiú, in anlainn fhuara a tháirgeadh agus i dtáirgí malartacha déiríochta, cáise agus feola phlandabhunaithe a mhonarú,

— Is monaróir agus soláthróir domhanda táirgí cumhráin agus blais le haghaidh thionscail an bhia, na dí agus na dtáirgí tomhaltóra é Givaudan. Déanann sé ceimiceáin dea-bholaidh a tháirgeadh freisin, ceimiceáin is féidir a úsáid mar chomhábhair i dtáirgeadh comhdhúl blais nó cumhráin.

— Is cuideachta teicneolaíochta atá gníomhach ar fud an domhain é Bühler, cuideachta a sholáthraíonn réitigh teicneolaíochta le haghaidh gléasra agus trealaimh agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le bia a phróiseáil agus ardábhair a mhonarú. Baineann a phríomhghníomhaíochtaí le teicneolaíochtaí chun grán a athrú ina phlúr agus ina bheatha le haghaidh ainmhithe, pasta agus seacláid a tháirgeadh, agus comhpháirteanna dísletheilgthe a mhonarú.

3. Soláthróidh Cultured Food Innovation Hub saoráidí agus acmhainní chun dlús a chur le hobair R&D tríú cuideachtaí ar suim leo a bheith gníomhach i réimse na feola, na n-éisc agus an bhia mara saothraithe, agus i mbeachtchoipeadh. Is éard is feoil, iasc nó bia mara saothraithe ann feoil, iasc nó bia mara a tháirgtear le saothrán cille *in vitro* ceall ainmhí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10653 – ESTAVAYER LAIT / GIVAUDAN / BÜHLER / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË